# Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail Bóithre, 2022
# Nótaí treorach faoi choinne Léirithe Spéise

Tá na nótaí seo a leanas á gcur ar fáil le cuidiú le daoine atá ag comhlánú fhoirm iarratais an léirithe spéise.

**Míreanna ginearálta:**

1. Ní bhaineann an scéim seo ach amháin le bóithre poiblí áitiúla NÓ bóithre poiblí réigiúnacha arb é an t-aon ionchur a fhaightear ón phobal ina leith, ó thaobh a dtógála nó a gcothabhála de, ná ionchur airgeadais.
2. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an Chomhairle ábhair, innealra, trealamh agus seirbhísí a cuid ball foirne ar fáil do dhuine nó grúpa a bheadh ag gabháil dá leithéid d'oibreacha.
3. Sa chás ina ndéanfadh grúpa pobail nó grúpa daoine obair thógála nó obair chothabhála ar an bhóthar, déanfaidh an Chomhairle slánaíocht agus árachas a sholáthar i gcomhair na n-oibreacha agus i gcomhair chur i gcrích na n-oibreacha ar an acht go gcuirtear i gcrích iad i gcomhréir leis na coinníollacha a bheadh leagtha amach ag an Chomhairle in aon chomhaontú.
4. Agus cinneadh deiridh á dhéanamh aici i dtaca le hoibreacha ar bith a bheadh le déanamh ag grúpa pobail nó ag grúpa daoine, beidh aird ag an Chomhairle ar chumas an ghrúpa pobail sin tabhairt faoi na hoibreacha.
5. Ní bheidh an Chomhairle freagrach as aon chostais a thabhódh grúpa pobail agus iad ag cur i gcrích na n-oibreacha seachas na costais sin a chomhaontófar roimh dóibh tús a chur leis na hoibreacha, ach amháin má chomhaontaítear a mhalairt.
6. Is í an Chomhairle amháin a bheas freagrach as cinneadh a dhéanamh i dtaca le hincháilitheacht agus tosaíocht aon oibreacha a roghnófaí faoin scéim.

Táthar ag súil le go gcuideoidh an tábla seo a leanas le hionadaithe na ngrúpaí pobail agus iad ag cur isteach léirithe spéise

| Mír san fhoirm iarratais: | Nótaí: |
|---|---|
| 1. Ainm an Bhóthair | Iarrtar ort ainm áitiúil an bhóthair a úsáid. Iarrtar ort fosta léarscáil a cheangal de d'iarratas a léiríonn an bóthar atá i gceist agus fairsinge na hoibre atá faoi chaibidil |
| 2. Uimhir an Bhóthair | Níl sé seo riachtanach ag an chéim seo ach cuidíonn sé leis an fhoireann agus iad ag measúnú an iarratais. Is féidir an uimhir a fháil ón oifig áitiúil bóithre s'agat. |
| 3. & 4. Baile fearainn nó seoladh agus Ceantar Bardais (CB) | Cuir isteach sonraí. Is iad na Ceantair Bhardais atá ann ná Inis Eoghain, Leitir Ceanainn, Srath an Urláir, na Gleannta agus Dún na nGall. |
| 5. Fad measta na n-oibreacha | Iarrtar ort buille faoi thuairim a thabhairt ar fhad an stráice bóthair atá le clúdach sna hoibreacha. Iarrtar ort fosta léarscáil a cheangal de d'iarratas a léiríonn an bóthar atá i gceist agus fairsinge na hoibre atá faoi chaibidil. |
| 6. Líon na dtithe a bhfreastalaíonn an bóthar orthu | Iarrtar ort líon na dtithe cónaithe (i.e. tithe a gcónaíonn daoine iontu ar bhonn leanúnach) a bhfreastalaíonn an bóthar orthu. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé seo daoine i dtithe ar bhóithre atá in aice láimhe ar gnách dóibh an bóthar a úsáid faoi choinne rochtana mar aon leo sin a chónaíonn ar feadh an stráice a bhfuil sé beartaithe é a dheisiú. |
| 7. An mbaineann aon fheidhmeanna eile leis an bhóthar (e.g. móinchearta nó rochtain ar phortach, rochtain feirmeoireachta, áiseanna pobail etc)? | Má bhaintear feidhm as an bhóthar faoi choinne baint móna, le rochtain a fháil ar thalamh faoi choinne feirmeoireachta nó ar áiseanna spóirt etc. ba cheart é sin a léiriú anseo. |

| Mír san fhoirm iarratais: | Nótaí: |
|---|---|
| 8. Cur síos ar na hoibreacha atá le déanamh:<br>Iarrtar ort tic a chur i ngach bosca, dar leat, a bhaineann leis na hoibreacha atá le déanamh | Tá cineálacha oibre sonraithe ag an Roinn a bhféadann daoine, grúpaí pobail agus an Chomhairle cur isteach orthu. Samhlaítear gurb ionann na hoibreacha agus scéim fhoriomlán nó cuid de scéim fhoriomlán le bail an bhóthair phoiblí áitiúil a fheabhsú:<br>• seastáin chrua a chur ar fáil ag an bhealach isteach chuig páirceanna;<br>• ciumhaiseanna nó bruacha féir a bhaint ar shiúl;<br>• oibreacha ullmhaithe suímh lena n-áirítear féar a bhaint de lár an bhóthair (más gá);<br>• draenacha cois bóthair agus le cois talamh cóngarach a oscailt, a dhoimhniú agus cothabháil ghinearálta a dhéanamh orthu lena n-áirítear píopaí draenála a leagan síos, nuair is iomchuí;<br>• gaistí lintéir a sholáthar ag áiteanna fóirsteanacha agus píopaí chuig draenacha a fheistiú, nuair is iomchuí;<br>• ionraonta a oscailt;<br>• cúl-lintéir a oscailt;<br>• poill silteáin/draenacha uisce dromchla a dhíbhlocáil;<br>• poill sa bhóthar a dheisiú;<br>• oibreacha cóirithe dromchla;<br>• oibreacha neartaithe bóthair;<br>• cosáin a dheisiú;<br>• cosáin úra a thógáil.<br><br>Beidh an méid a bheas daoine nó grúpaí pobail ag iarraidh a bheith rannpháirteach iontu seo ag brath ar an ghrúpa atá i gceist, an méid ionchuir ba mhaith leo a dhéanamh, i riocht airgid nó i riocht oibreacha in ionad. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh grúpa amháin airgead ar fáil ach go gcuirfeadh grúpa eile innealra ar fáil (e.g. tochaltóirí nó tarracóirí/leantóirí le cré a bhaint ar shiúl etc.) agus a gcumas an obair a chur i gcrích.<br><br>Ag céim an léirithe spéise, déanfaidh an Chomhairle measúnú ar iarratais d'fhonn tosaíocht na n-iarratas a dhéanamh amach, bunaithe ar chostas agus tairbhe. Sa chás ina n-éireodh leis an Chomhairle le hiarratas maoinithe leis an |
| 9. Iarrtar ort aon oibreacha eile, dar leat,<br>ar cheart breithniú a dhéanamh orthu faoin scéim, a shonrú. Tabhair do d'aire go bhféadfadh sé go mbeadh nó nach mbeadh siad seo incháilithe faoin scéim agus go bhféadfadh sé nach féidir na hoibreacha seo a mhaoiniú. | Féadann an t-iarratasóir aon eolas breise a chur isteach anseo. |

| | |
|---|---|
| 10. Ainm an Ghrúpa Pobail nó na heagraíochta….<br>Más duine aonair é an t-iarratasóir….<br>Más grúpa daoine é an t-iarratasóir….<br><br>Ainm na ndaoine 1….10 | Má tá ainm foirmeálta ag an ghrúpa nó má tá sé ionchorpraithe ar dhóigh ar bith, cuir isteach an t-ainm anseo. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé seo gnólachtaí aonair, clubanna nó grúpaí nó coistí pobail.<br><br>Más ó dhuine aonair atá an fhoirm iarratais ag teacht, ba cheart dó nó di an t-eolas a sholáthar anseo<br><br>Más ionann an grúpa agus roinnt daoine aonair, ba cheart dóibh a n-ainm a sholáthar sna boscaí 1-10. |
| 11. Ainm an ionadaí<br>Seoladh Rphoist etc: | Seo an teagmhálaí a gcuirfidh an Chomhairle gach comhfhreagras chuige nó chuici. Is ionann an teagmhálaí seo fosta agus an duine a bheas freagrach as teagmháil leis an Chomhairle i gcás iarratas rathúil, mar shampla, gach airgead a bhailiú, obair atá le déanamh a chomhaontú, obair atá le déanamh ag an phobal a chomhaontú etc. |

| **Mír san fhoirm iarratais:** | **Nótaí:** |
|---|---|
| 12. Trí thic a chur sa bhosca seo, aontaíonn an t-ionadaí go bhfuil cead iarrtha aige nó aici ar an ghrúpa pobail agus / nó na daoine atá thuasluaite agus gur sannadh agus gur tarmligeadh cumhacht iomlán dó nó di le gníomhú thar a gceann i ngach comhfhreagras agus i ngach gnó eile a d'eascródh as an iarratas seo agus go dtoilíonn gach aon duine acu glacadh le haon cheangal a thiocfadh lena leithéid de chomhfhreagras agus le gach gníomh de chuid an ionadaí. | Is é is cúis leis an bhosca seo ná a chinntiú gurb eol don ionadaí gurb é nó í féin a fheidhmeoidh mar dhuine teagmhála don Chomhairle Contae agus go bhfuair sé/sí cead ón chuid eile den ghrúpa gníomhú sa ról seo. |
| 13. Iarrtar ort sonraí a sholáthar anseo i dtaca leis an chineál ionchuir ba mhaith leis an ghrúpa pobail, an eagraíocht, an duine nó an grúpa daoine a dhéanamh. | Ba cheart d'iarratasóirí an cineál ionchuir ba mhaith leo a dhéanamh a léiriú trí thic a chur sa bhosca chuí |
| 14. Más mian leat oibreacha a dhéanamh in ionad ionchur airgeadais, iarrtar ort cur síos a dhéanamh thíos ar na hoibreacha ba mhaith leat a dhéanamh | Ba cheart don iarratasóir an cur síos a dhéanamh trí thic a chur sa bhosca leis an chineál d'ionchur oibreacha in ionad ba mhaith leis/léi a dhéanamh a léiriú. |

Dé Céadaoin, 11 Lúnasa, 2021 an spriocdháta faoi choinne iarratas.

Ba cheart foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur chuig dccroadscentral@donegalcoco.ie nó a chur sa phost chuig:

**Scéim Rannpháirtíochta Pobail**
**Lároifig Rannóg na mBóithre**
**Comhairle Contae Dhún na nGall**
**Leifear**
**F93 Y622**
**Contae Dhún na nGall**